2010. S.38T

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2010

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

### GNÁTHLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.00***

**Iomlán na Marcanna 240**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

1. ROINN A - 80 marc.
   Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna ó Roinn A.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ROINN B - 160 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist ó Roinn B.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

3. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

## Don scrúdaitheoir amháin

| CEIST | MARC |
|---|---|
| Roinn A (Iomlán) | |
| Roinn B **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **IOMLÁN →** | |
| **GRÁD →** | |

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge | |
| 5. Marc iomlán bronnta trí Ghaeilge (3+4) | |
| Nóta: Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má tá bónas ann don Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán na Marcanna** thuas. | |

**THALL→**

## ROINN A
## 80 marc

**Freagair 16 (sé cinn déag) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Liostaigh **dhá** fhoinse snáithín san aiste bia.

**(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

**2.** Mol **trí** bhealach chun iontógáil saille san aiste bia a laghdú.

**(i)** ______________________

**(ii)** ______________________

**(iii)** ______________________

**3.** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach bricfeasta sláintiúil a ithe.

**(i)** ______________________

**(ii)** ______________________

**4.** Cuir **gach ceann** de na héisc atá liostaithe thíos faoi na ceannteidil chearta:

**bradán** **trosc** **ronnach** **cloicheáin** **leathóg**

| IASC GEAL | IASC OLACH | SLIOGIASC |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

**5.** Tabhair **trí** úsáid le huibheacha i gcócaireacht.

**(i)** ______________________

**(ii)** ______________________

**(iii)** ______________________

**6.** Cad é an t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**7.** Liostaigh **trí** fhoinse eolais do thomhaltóirí.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**8.** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hairgead a choigilt.

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**9.** Cuir in iúl le tic **[✓]** cé acu fíor **nó** bréagach **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | | **FÍOR** | **BRÉAGACH** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is é is glanioncann ann ná pá glan taréis asbhaintí | | |
| **(ii)** | Is éard is buiséad ann ná plean chun airgead a chaitheamh agus a shábháil. | | |
| **(iii)** | Ní dhéantar cearta tomhaltóirí a chosaint ag an dlí. | | |

**10.** Ainmnigh athrú fisiceach **amháin** a tharlaíonn i mbuachaillí agus athrú fisiceach **amháin** a tharlaíonn i gcailíní le linn caithreachais.

**(i)** **Buachaillí** ______________________________________________

**(ii)** **Cailíní** ______________________________________________

**11.** Cuir tic **[✓]** leis an bhfreagra ceart.

Is éard is ubhsceitheadh ann

**(i)** nuair a dhéanann speirm ceangal le hubh. ☐

**(ii)** briseadh síos líneáil an útarais. ☐

**(iii)** scaoileadh na huibhe ón ubhagán. ☐

**12.** Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas.

**(i)** **an teaghlach núicléach** ______________________________

______________________________

**(ii)** **an mórtheaghlach** ______________________________

______________________________

**13.** Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le haclaíocht a dhéanamh go rialta.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**14.** Ainmnigh dath teolaí **amháin** agus dath fionnuar **amháin**.

**(i)** **dath teolaí** ______________________________

**(ii)** **dath fionnuar** ______________________________

**15.** Ainmnigh cineál éagsúil d'insliú a bheadh oiriúnach do **gach ceann** díobh seo a leanas.

**(i)** **sorcóir le haghaidh uisce te** ______________________________

**(ii)** **áiléar** ______________________________

**16.** Mol **trí** bhealach inar féidir le tomhaltóir an comhshaol a chosaint.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**17.** Tabhair **dhá** fheidhm a bhaineann le héadaí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**18.** Mol fabraic éagsúil a bheadh oiriúnach do **gach ceann** de na baill éadaigh seo a leanas.

| BALL | FABRAIC OIRIÚNACH |
|---|---|
| **(i)** T-léine | **(i)** |
| **(ii)** geansaí scoile | **(ii)** |
| **(iii)** bríste gearra spóirt | **(iii)** |


**19.** Liostaigh **trí** riail ba chóir a leanúint agus galiarann á úsáid.


**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**20.** Ainmnigh an **dá** ghreim a thaispeántar thíos.





**(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

**ROINN B**
**160 marc**

**Freagair 4 (ceithre) cheist ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1. (a)** Tabhair **trí** chúis a bhfuil feoil tábhachtach san aiste bia.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(b)** Liostaigh **trí** threoirlíne ba chóir a leanúint nuair a úsáidtear feoil mhionaithe.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Déan biachlár a phleanáil do dhinnéar **dhá** chúrsa a bhfuil feoil mhionaithe san áireamh ann.

**Biachlár Dinnéir**

**(d)** Liostaigh na treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a dhéantar aiste bia oiriúnach a ullmhú do veigeatóir.

______________________________

______________________________

______________________________

**(e)** Tabhair **dhá** chúis go roghnódh déagóir a bheith ina veigeatóir.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**2.** Bia an-tábhachtach is ea bainne san aiste bia.

**(a)** Ainmnigh **trí** chothaitheach atá i mbainne agus maidir le **gach** cothaitheach atá ainmnithe agat tabhair cúis a bhfuil sé tábhachtach in aiste bia do leanaí.

| COTHAITHEACH | CÚIS |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** ____________________<br>____________________ |
| **(ii)** | **(ii)** ____________________<br>____________________ |
| **(iii)** | **(iii)** ____________________<br>____________________ |

**(b)** Liostaigh **trí** chineál bainne atá ar fáil sna hollmhargaí.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(c)** Mol **trí** úsáid a bhaintear as bainne in ullmhú bia.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(d)** Ainmnigh **ceithre** tháirge bainne.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

**(e)** Conas is cóir bainne a stóráil?

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**3.** **(a)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** mhodh fógraíochta.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(b)** Tabhair **<u>trí</u>** chúis le haghaidh úsáid na fógraíochta.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Déan cur síos ar **<u>dhá</u>** fhógra atá éifeachtach, dar leat.

**(i)** ______________________________

______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

______________________________

**(d)** Mínigh cén fáth a bhfuil na fógraí a ndearna tú cur síos orthu éifeachtach, dar leat.

**(i)** ______________________________

______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

______________________________


**4.** **(a)** Tabhair **trí** fheidhm a bhaineann leis an gcraiceann.

**(i)** ___________________________________________

**(ii)** ___________________________________________

**(iii)** ___________________________________________

**(b)** Ainmnigh na codanna den chraiceann atá lipéadaithe mar **1**, **2**, **3** agus **4**.




**1.** ____________________

**2.** ____________________

**3.** ____________________

**4.** ____________________

**(c)** Roghnaigh an focal ceart ón liosta a leanas chun **gach ceann** de na habairtí a chomhlánú.

**díbholaíoch** **aicne** **faireoga allais** **vitimín D** **ailse chraicinn**

**(i)** Cabhraíonn úsáid ____________________ le boladh coirp a sheachaint.

**(ii)** Déantar____________________ de thoradh gníomhú sholas ultraivialait na gréine ar an gcraiceann.

**(iii)** D'fhéadfadh ____________________ tarlú de thoradh róthógáil na gréine.

**(iv)** Riocht craicinn is ea ____________________ a bhíonn comónta go leor le linn na hógántachta.

**(v)** Déanann____________________ uisce, salann agus salachair eile a aistriú ón bhfuil.

**(d)** Liostaigh **ceithre** threoirlíne ba chóir a leanúint agus cúram á dhéanamh den chraiceann.

**(i)** ___________________________________________

**(ii)** ___________________________________________

**(iii)** ___________________________________________

**(iv)** ___________________________________________

THALL→

**5.** **(a)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** phointe nach mór a chur san áireamh agus cuisneoir á roghnú chun é a úsáid sa teach sa bhaile.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(b)** Tabhair **<u>trí</u>** bhuntáiste a bhaineann le húsáid chuisneora.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Liostaigh na treoirlínte ba chóir a leanúint:

**(i)** **nuair a dhéantar bia a stóráil i gcuisneoir** ______________________________

______________________________

______________________________

**(ii)** **nuair a dhéantar cuisneoir a ghlanadh** ______________________________

______________________________

______________________________

**(d)** Ainmnigh **<u>trí</u>** bhia éagsúla a dhéantar a stóráil i gcuisneoir agus mol cineál **<u>éagsúil</u>** pacáistithe a bheadh oiriúnach do **<u>gach</u>** bia a d'ainmnigh tú.

| BIA | CINEÁL PACÁISTITHE |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |
| **(iii)** | **(iii)** |

6. **(a)** Mol **<u>trí</u>** úsáid a bhaintear as teicstíl sa teach sa bhaile.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(b)** Liostaigh **<u>trí</u>** phointe ba chóir a chur san áireamh agus teicstílí á roghnú d'fheistis bhoga.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Cén fáth a mbaintear úsáid as feistis bhoga sa teach? ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(d)** Ainmnigh, déan sceitse de **<u>agus</u>** déan cur síos ar earra tí a rinne tú mar chuid den Staidéar ar Theicstílí.

**Ainm** ______________________________

**Cur síos** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(e)** Ainmnigh an fhabraic / na fabraicí a d'úsáid tú chun an earra tí a dhéanamh.

______________________________

# Leathanach Bán